An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development

Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future

Fáilte Ireland
National Tourism Development Authority

# Outdoor Recreation Infrastructure Scheme



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

# Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh 2022

## Achoimre ar an Scéim maidir le gach Beart

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

i gcomhpháirtíocht le

Fáilte Éireann

Feabhra 2022

| |
|---|
| **Ba chóir aon cheisteanna agus na foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh ar aghaidh chuig** |

# Clár


1. **Cuspóir na Scéime um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh** **4**
2. **Fócas Scéim ORIS 2022** **5**
3. **Maoiniú agus Amlínte** **10**
4. **Bearta na Scéime** **11**
5. **Leibhéal an Deontais** **15**
6. **Cineálacha Tionscadail Neamh-incháilithe** **16**
7. **Leagan Amach an Iarratais** **17**
8. **Critéir Mheasúnachta** **18**
9. **Coinníollacha Maoinithe do Scéimeanna Tuaithe arna maoiniú** **20**

# 1. Cuspóir na Scéime um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh

Cuireann an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS) leis an gcuspóir straitéiseach de gheilleagair agus pobail thuaithe neartaithe mar atá leagtha amach sa straitéis Tionscadal Éireann 2040. Is é cuspóir na Scéime maoiniú a chur ar fáil d'fhonn bonneagar caithimh aimsire lasmuigh nua a fhorbairt agus d'fhonn an bonneagar caithimh aimsire lasmuigh atá ann cheana féin a dheisiú, a chothabháil, a fheabhsú nó a chur chun cinn i gceantair thuaithe ar fud na hÉireann de réir mar is gá. Tacaíonn sé go sonrach le forbairt na hearnála turasóireachta atá dírithe ar ghníomhaíochtaí lasmuigh, earnáil a bhfuil tús áite tugtha di in **"Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann", Beartas Forbartha Tuaithe na hÉireann 2021-2025.**

Féachtar le ORIS, mar aon le idirghabhálacha maoinithe eile a chuirtear ar fáil tríd an gClár Infheistíochta Forbartha Tuaithe amhail Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, CLÁR, an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil agus an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, cuidiú a thabhairt Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta Gheilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe a bhaint amach, mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027.

Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a riarann an Scéim agus tugann Fáilte Ireland tacaíocht ina leith. Go dtí seo, tá nach mór €87 milliún i maoiniú leithdháilte do 1,246 tionscadal ar fud na tíre faoi ORIS.

Déantar infheistíocht faoin scéim sa bhonneagar fisiciúil a thacaíonn le gníomhaíochtaí caithimh aimsire agus spóirt bunaithe ar an úsáid a bhaintear as na hacmhainní faoin tuath; cuireann siad le stíl mhaireachtála atá folláin agus gníomhach agus cuireann le hacmhainneacht gheilleagrach agus turasóireachta sa cheantar a rachaidh chun tairbhe do phobail áitiúla agus do thurasóirí araon. D'fhéadfaí roinnt maoiniú teoranta a chur ar fáil faoin scéim chomh maith chun margaíocht a dhéanamh ar bhonneagar dá leithéid chomh maith lena chur chun cinn, de ghnáth mar chuid de thionscadal níos leithne a bhaineann le tacaíochtaí caipitil.

Faoi scéim 2022 leagtar béim ar dheiseanna do thaitneamhachtaí caithimh aimsire lonnaithe in aice le haibhneacha, locha agus tránna agus féachtar freisin faoin scéim le tacaíocht a chur ar fáil do bhonneagar caithimh aimsire a chuireann cur chuige cuimsitheach ar fáil do phobail chun bealaí a sholáthar a thacaíonn le réimse iléagsúil úsáideoirí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine níos sine.

# 2. Fócas Scéim ORIS 2022

Is ionann fócas na scéime agus tacaíocht a chur ar fáil do bhonneagar caithimh aimsire lasmuigh i gceantair faoin tuath ar fud na tíre, ní hamháin a chuireann asraon ar fáil do na pobail san áit ina bhfuil siad ach cuirfear luach leis an áit ó thaobh na turasóireachta, chun go mbeidh ceantair thuaithe san áit cheart le go mbeidh siad ábalta freagra a thabhairt ar an timpeallacht gheilleagrach a bheidh ann i ndiaidh COVID-19.

Faoi scéim 2022, tabharfar **tús áite** ach go háirithe, **do thionscadail a bhfuil sé soiléir go mbeidh an pobail páirteach go mór iontu.** Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go ndeachthas i gcomhairle leis an bpobal áitiúil agus gur glacadh aiseolas an phobail sin san áireamh sula gcuirfear an t-iarratas ar aghaidh.

Baineann caithimh aimsire lasmuigh le caitheamh aimsire spóirt, gníomhaíocht allamuigh agus saoire atá bunaithe ar acmhainní na tuaithe a úsáid agus a chuireann le stíl mhaireachtála atá folláin agus gníomhach. Glacann an téarma 'faoin tuath' talamh, uisce agus aer san áireamh. Baineann an téarma "áineas" sa chomhthéacs seo le gníomhaíochtaí spóirt agus caitheamh aimsire, a oibríonn faoin tuath. Ní áirítear gníomhaíochtaí spóirt a bhíonn ar siúl faoin tuath ar chúrsaí nó páirceanna atá leagtha amach agus tógtha go sainiúil don spórt sin, m.sh. galf, peil, seóléimneach, etc. Ar seo Beidh tionscadail a cheadaítear faoi ORIS ag teacht leis an sainmhíniú seo.

### Cineál tionscadal

Tacaíonn an scéim le bonneagar faoin spéir a chur ar fáil a bhfuil teacht ag an bpobal air tríd is tríd. Áirítear conairí, siúlbhealaí, rotharbhealaí, glasbhealaí, gormbhealaí, bealaí rochtana sléibhe, cosáin mharcaíochta agus taitneamhachtaí ar uisce faoin aer i bportaigh, ar aibhneacha, ar locha agus ar thránna, ar na cineálacha tionscadail a dtugtar maoiniú dóibh faoin Scéim de ghnáth. Moltar go láidir d'iarratasóirí na bliana 2022 deiseanna a bhreithniú chun taitneamhachtaí caithimh aimsire a fhorbairt a bhaineann le portaigh, aibhneacha, locha agus tránna na tíre a úsáid. Maidir le conairí siúil agus rotharbhealaí, tabharfar tús áite faoin scéim d'infheistíocht chun obair dheisiúcháin/slacht a chur ar bhealaí atá ann cheana féin nó chun codanna de na conairí/rotharbhealaí atá ann cheana féin a chur den phríomhbhealach chun feabhas a chur ar thaithí na n-úsáideoirí.

Ní liosta críochnaitheach é atá thuas agus spreagtar tionscadail nuálacha eile a chuireann bonneagair faoin spéir ar fáil, lena n-áirítear tionscadail ar a mbíonn rochtain feabhsaithe do dhaoine níos sine agus do dhaoine faoi mhíchumas mar thoradh orthu. **Ní mór d'iarratais faoin Scéim cur chuige i gcomhar a léiriú, ag obair leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe leasmhara.**

D’fhonn ceantair thuaithe a chur in áit chun freagairt do thimpeallacht eacnamaíochta i ndiaidh COVID-19 agus go háirithe don earnáil turasóireachta, spreagtar tionscadail a léiríonn feidhm turasóireachta ar leith nó earnála eile a d'fhéadfadh cuidiú le téarnamh geilleagrach. Moltar d’iarratasóirí athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail a maoiníodh i mblianta roimhe seo chun tuiscint a fháil ar na cineálacha éagsúla tionscadal atá incháilithe. Tá liostaí na dtionscadal a fuair maoiniú roimhe seo le fáil ar Gov.ie.

Ní mór d’iarratasóirí tionscadail a aithint a thacóidh le húsáid níos mó a bhaint as taitneamhachtaí caithimh aimsire ina gceantair féin agus rochtain níos mó a fháil orthu e.g. sléibhte, locha, aibhneacha, coillte, portaigh agus tránna.

I measc na ngníomhaíochtaí a cheart d’iarratasóirí a bheith ar intinn acu nuair atá ag seoladh iarratas ar aghaidh faoi Scéim 2022 tá:

| **Talamh-Bhunaithe** | **Uisce-Bhunaithe** | **Aer-Bhunaithe** |
|---|---|---|
| Siúl | Curachóireacht/Cadhcáil/SUP | Parafaoileoireacht |
| Cnocadóireacht/Fánaíocht | Iomramh | Faoileoireacht Foluana |
| Rothaíocht Fóillíochta | Snámh Faoin Aer, Locháin Taoide san áireamh | |
| Rothaíocht Sléibhe | Surfáil | |
| Conairí Eachaíochta | Cóstóireacht | |
| Conair-Reathaíocht/Reathaíocht Easbhóthair | Clársheoltóireacht/Surfáil Eitleoige | |
| Treodóireacht | Seoltóireacht | |
| Bollánóireacht, Crúbadóireacht, Ailleadóireacht, Sléibhteoireacht | Tumadóireacht | |
| | Slatiascaireacht/Iascaireacht | |

I measc na dtionscadal gaolmhar eile tá siúlóidí coille, bealaí rochtana sléibhe, rochtain conaire chuig limistéir éanbhreathnaithe, clárchosáin ar snámh ar locha / ar phortaigh agus limistéir shúgartha nádúrtha atá mar chuid de chonair níos mó nó mar chuid de thionscadal bonneagar caithimh aimsire eile.

### Glasbhealaí

Ní mór gur tionscadail áitiúla a bheadh i dtograí Glasbhealaigh nach dteann thar 20km a dtugtar maoiniú dóibh faoi ORIS). Sa chás go mbaineann iarratas ar thionscadal le céim de ghlasbhealach, agus go bhfuil an glasbhealach beartaithe níos faide ná 20km, níor cheart an tionscadal a chur i bhfeidhm faoi ORIS ó tharla maoiniú a bheith ar fáil faoi Bhonneagar Iompair Éireann (TII).

Leagtar amach tosaíochtaí an Rialtais maidir le glasbhealaí in Éirinn a mhaoiniú i Straitéis na

nGlasbhealaí ón Roinn Iompair. Níl sé i gceist le ORIS forlíonadh a dhéanamh ar an straitéis sin ná go gcuirfí ORIS in áit na straitéise trí mhaoiniú a chur ar fáil do ghlasbhealaí réigiúnacha nó náisiúnta i.e na glasbhealaí atá níos faide ná 20km. Is féidir síntí áitiúla nó speireacha áitiúla de na glasbhealaí, agus bonneagar a fhorbairt chun baile nó sráidbhaile tuaithe a cheangal le glasbhealaí dá leithéid a bhreithniú faoi ORIS.

### Gormbhealaí

Ba cheart d'iarratasóirí atá ag lorg maoinithe i gcomhair Gormbhealaí nó tionscadail a bhfuil sé i gceist acu an branda "Gormbhealach" a úsáid a leanas a thabhairt ar aird:

Is mar seol a leanas a shainmhínítear Gormbhealach; líonra de chonairí agus de láithreacha caitheamh aimsire ilghníomhaíochta atá ceadaithe agus brandáilte agus bunaithe ar uisce agus atá ceangailte go dlúth le huisce agus ina n-éascaíonn soláthróirí rochtain ar ghníomhaíochtaí agus eispéiris. D'fhéadfaí cadhcáil, SUP nó siúl /rothaíocht le hais uisce a bheith san áireamh mar shampla. Téigh chuig www.bluewaydevelopment.org chun tuilleadh eolais a fháil.

Ba cheart d'iarratasóirí a bhfuil sé i gceist acu Gormbhealach nua a cruthú páirt a ghlacadh sa phróiseas creidiúnaithe maidir le Gormbhealach agus ba cheart dóibh Litir tacaíochtaí a chur san áireamh ón Chigire Creidiúnaithe um Ghormbhealach agus ó ar a laghad 2 soláthróir gníomhaíochta atá ag oibriú sa cheann scríbe araon.

Is féidir breithniú a dhéanamh fós ar iarratais atá uisce-bhunaithe ach nach bhfuil creidiúnaithe nó a bhfuil sé i gceist acu iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú.

### Ionchuimsiú

Ba cheart an bonneagar a dtugtar maoiniú dó faoi ORIS a bheith chomh inrochtana agus is féidir do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine níos sine. Tá forbairt déanta ag Cara ar réimse leathan treorach maidir le forbairt a dhéanamh ar bhonneagar caithimh aimsire lasmuigh e.g. conairí, glasbhealaí, uiscebhealaí, tránna. Ba cheart d'iarratasóirí tagairt a dhéanamh do na hacmhainní sin nuair atá a gcuid iarratais á bhforbairt acu.

### Suíomh an Tionscadail

Níl tionscadail atá lonnaithe laistigh de theorainn cheachtar de theorainneacha na gcúig phríomhchathair (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge) nó laistigh de bhailte nó sráidbhailte incháilithe faoin scéim.

Ba cheart, tríd is tríd, do thionscadail a bheith lonnaithe faoin tuath (i.e. ní laistigh de cheantar mórthimpeall bhailte ná sráidbhailte). D'fhéadfaí maoiniú ar leith a bheith ar fáil do bhealaí siúil, bealaí rothaíochta agus do bhonneagar faoin spéir eile atá lonnaithe i mbailte agus i sráidbhailte

faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile. I bhfianaise a bhfuil de bhéim á leagan ar thaitneamhachtaí caithimh aimsire lonnaithe i aice aibhneacha, locha agus tránna, beidh tionscadail den chineál sin ata lonnaithe laistigh de cheantar mórthimpeall bhailte nó sráidbhailte incháilithe sa bhliain 2022. Is féidir bonneagar caithimh aimsire trína ndéantar baile nó sráidbhaile a cheangal le ceantar tuaithe a mhaoiniú freisin trí ORIS, ag ceangal bailte agus sráidbhailte le saoráidí caithimh aimsire faoin spéir lonnaithe faoin tuath.

### Sárchleachtas, Ceadanna agus Toilithe

Ba cheart an obair ar fad a dhéantar a bheith ag teacht le sárchleachtas faoi réir na dtreorlínte agus na dtacar a leanas:

- Spórt Éireann – Critéir na hÉireann maidir le Conairí Siúil
- Spórt Éireann – Critéir na hÉireann maidir le Conairí Caithimh Aimsire Capall
- Gormbhealaí na hÉireann - Treoir Bhainistithe agus Forbartha Gormbhealaigh
- Treoir chun Conairí Uisce a Phleanáil agus a Fhorbairt i gcomhair árthaí beaga in Éirinn
- Helping the Hills - Treoirphrionsabail maidir le Creimeadh Cosán i Limistéir ar Thalamh Ard a Bhainistiú
- Acmhainní Rochtana agus Saol Amuigh Faoin Aer Cara
- Acmhainní Ná Fág Aon Ní i do Dhiaidh
- Fáilte Ireland - Eispéireas Cuairteora um Ghlasbhealach agus Acmhainní Léirléimh
- Réitigh Nádúrbhunaithe maidir le hUisce Báistí agus Srutha Uisce Dromchla a bhainistiú i gCeantair Uirbeacha

### Limistéir ar Thalamh Ard

Ba cheart do thionscadail a bhaineann le limistéir ar thalamh ard cloí le Helping the Hills - Treoirphrionsabail maidir le Creimeadh Cosán i Limistéir ar Thalamh Ard a Bhainistiú. Ba cheart duine/buíon chuícháilithe maoirseacht cuí a dhéanamh ar aon obair a dhéanfar ar limistéir ar thalamh ard.

### Riachtanais Eile

Ní mór cúram ar leith a ghlacadh maidir le hoibreacha beartaithe i gceantair ainmnithe, amhail Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC), Limistéir Caomhantais Speisialta (SPA), ect. Ní mór aon mheasúnú cuí agus/nó measúnuithe/ceaduithe éiceolaíochta eile cead/toiliú pleanála Cuid 8 atá riachtanach agus a bhféadfadh gá a bheith leo a bheith faighte sula gcuirtear tús le haon oibreacha sna cásanna seo.

Sa chás go dtéann tionscadal trasna tailte Coilte/NPWS, ba cheart litir thoilithe/thacaíochta a chur leis an bhfoirm iarratais. Tabhair ar aird gur féidir iarrataí chuig Coillte a chur ar aghaidh trína bhfoirm um thogra caithimh aimsire. Roinnfear liosta d'iarratais ar thionscadal le Coillte le hathbhreithniú a dhéanamh orthu. Tugann Coillte le fios go bhféadfadh sé go nglacfadh sé suas le 3 mhí ceadú a fháil do thograí agus litir thacaíochta a fháil do thionscadail.

I gcás gur ábhartha agus gur féidir ba cheart d'iarratais na prionsabail deartha sa treoircháipéis eatramhach Réitigh Nádúrbhunaithe maidir le hUisce Báistí agus Srutha Uisce Dromchla a bhainistiú i gCeantair Uirbeacha, arna cur i dtoll a chéile ag Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, a chur san áireamh.

Ba ceart na tionscadail a bheith neamhspleách agus oibríochtúil astu féin seachas tionscadail faoin mBeart Forbartha Tionscadal. Níl sé inghlactha an tionscadal céanna a roinnt suas agus roinnt iarratas ar leith a dhéanamh in aon bhliain amháin chun na teorainneacha maoinithe uasta faoi gach Beart a shárú e.g. codanna éagsúla den tionscadal céanna a chur ar aghaidh faoi Bheart 2 agus Beart 3 araon, nó dhá iarratas a chur ar aghaidh faoi Bheart 1. Chomh maith leis sin, sa chas go mbaineann níos mó ná cineáil amháin idirghabhála le tionscadal aonair, ba cheart nasc soiléir a bheith idir na hidirghabhálacha e.g. suite sa cheantar céanna nó idirghabhálacha i gcomhair go leor obair uasghrádaithe.

Mar chuid de thiomantas na Roinne don Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021, beidh ar iarratasóirí, nuair is cuí, mar a úsáidfear sciar den mhaoiniú atá á lorg chun tacú le bearta gníomhaithe ar son na haeráide nó bearta bithéagsúlachta a thabhairt le fios e.g. Crainn/fálta sceach a chur le hais conairí. Tá sé riachtanach nach mbeadh tionchar diúltach comhshaoil mar thoradh ar thionscadail agus, nuair is féidir, go mbainfeadh bearta leo a chuireann le bithéagsúlacht an cheantair i gceist nó go dtabharfaí isteach bearta a thacódh le Gníomhú ar son na hAeráide.

Moltar áiritheoirí chun líon na gcuairteoirí a ríomh ag na tionscadal a shuiteáil, nuair is infheidhme (ba cheart a thabhairt ar aird nach gclúdófar costais oibríochtúla leanúnacha faoin scéim seo). Ba cheart sonraí ó cheann ar bith de na háiritheoirí chun líon na gcuairteoirí a ríomh mar chuid den tionscadal a roinnt leis an Roinn agus le Spórt Éireann.

Ba cheart go gcomhlíonfadh gach tionscadal riachtanais an Chóid Caiteachais Phoiblí agus go gcomhlíonfadh siad treoirlínte soláthair phoiblí go huile agus go hiomlán.

# 3. Maoiniú agus Amlínte

Tá buiséad táscach €15 mhilliún ar fáil do thionscadail a éiríonn leo faoi Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh 2022. Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i gcomhar le Fáilte Éireann atá ag cur an mhaoinithe seo ar fáil. Cuirfear an maoiniú seo ar fáil i gceithre chatagóir tionscadail éagsúla (Bearta) bunaithe ar an méid infheistíochta atá de dhíth. Leanfaidh an Beart Forbartha Tionscadail ar aghaidh in 2022 go háirithe maidir le costais a bhaineann le tionscadail a fhorbairt, ar tionscadail iad a d'fhéadfadh a bheith faoi réir iarratas amach anseo faoi Bheart 2 agus 3 den Scéim seo. Tugtar achoimre ar shonraí na gceithre Bheart i gCuid 1. Beidh líon na dtionscadal a gceadófar maoiniú dóibh teoranta ag an méid maoinithe a bheidh ar fáil i ngach aon Bheart.

Ní mór go mbeifí ábalta tús a chur leis na tionscadail i ndáil le Beart 1 ar fad faoi dheireadh na bliana 2022 agus ní mór go mbeifí ábalta iad a chur i gcrích i scála ama réalaíoch i.e. laistigh de thréimhse 12 mhí i ndáil le Beart 1& 4 nó 18 mí i ndáil le Bearta 2 & 3. Moltar go mbeadh measúnachtaí cuí, staidéir féideartha agus ceadúnais phleanála (más gá) i bhfeidhm nó tugtha chun cinn go mór sula ndéantar iarratas tionscadail faoi Bhearta 1, 2 a& 3 a sheoladh ar aghaidh. Mura bhfuil tús curtha leo, moltar an t-iarratas a choinneáil i gcomhair blianta amach anseo nó d'fhéadfaí é a chur ar aghaidh faoin mBeart Forbartha Tionscadail nua.

Iarrtar ar iarratasóirí incháilithe iarratais a sheoladh ar aghaidh faoi na Beartais éagsúla a ndéantar tagairt dóibh i gCuid 4. Ní mór úsáid a bhaint as teimpléad na bhfoirmeacha iarratais atá curtha ar fáil ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun iarratais a sheoladh ar aghaidh agus sin amháin. Ní mór iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar aghaidh ar ríomhphost chuig ORIS@drcd.gov.ie faoi:

- **5.15pm Dé Luain an 18 Aibreán 2022 i ndáil le Beart 1 agus Beart Forbartha Tionscadal**
- **5.15pm Dé Céadaoin an 25 Bealtaine 2022 i ndáil le Beart 2 & 3**

# 4. Bearta na Scéime

Is faoi na gceithre Bheart a bhfuil breac-chuntas tugtha orthu thíos a chuirtear an Scéim ar fáil anois. Tagann athrú ar an leibhéal maoinithe, ar scála an tionscadail agus ar iarratasóirí atá incháilithe faoi gach Beart.

## Beart 1: Deisiú/Forbairt/Cur Chun Cinn agus Margaíocht ar Scála Beag

**Suimeanna Deontais**: Suas le €30,000.

**Gníomhaíochtaí Incháilithe:** Tionscadail ar scála beag atá ag teacht le cuspóirí agus le fócas na Scéime. I measc na dtionscadal sin, ach gan bheith teoranta dóibh, tá conairí, siúlbhealaí, rotharbhealaí, glasbhealaí, gormbhealaí, saoráidí caithimh aimsire ar phortaigh, ar aibhneacha, ar locha agus ar thránna, chomh maith le limistéir súgartha nádúrtha atá mar chuid de thionscadal caithimh aimsire lasmuigh níos mó a chothabháil, a dheisiú agus a fhorbairt chomh maith le bonneagar dá leithéid a chur chun cinn agus margaíocht a dhéanamh ina leith. Ba cheart go gcuirfí in iúl i dtionscadail, nuair is féidir, mar atá na tionscadail ionchuimsitheach i ndáil le daoine faoi mhíchumas agus daoine níos sine.

Ní mór d'Údaráis Áitiúla agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla obair a dhéanamh i gcomhair le pobail áitiúla d'fhonn tionscadail a aithint (beidh cruthúnas ag teastáil na leith sin) a chuireann slacht ar thaitneamhachtaí atá ann cheana féin nó athfhorbairt a dhéanamh orthu nó tacú le deiseanna nua acmhainní nádúrtha áitiúla a fhorbairt mar atá luaite i gcuid 1 thuas. Tabharfar tús áite d'iarratais a thacaíonn le pobail tionscadail dá leithéid a chur ar fáil.

Bhí sé de chleachtas freisin faoin mBeart seo iarrataí a dhéanamh arís ar maoiniú i ndáil le hobair dheisiúcháin ar an mbonneagar caithimh aimsire céanna - ba cheart an nasc le maoiniú a fuarthas roimhe seo trí ORIS a mhíniú go soiléir san fhoirm iarratais agus d'fhéadfaí tosaíocht níos ísle a thabhairt d'iarratais leantacha dá leithéid i bpróiseas roghnúcháin 2022.

**Iarratasóirí Incháilithe:** Údaráis Áitiúla agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla [1].

**Uaslíon Tionscadal:**
Is féidir le gach Údarás Áitiúil 7 iarratas tionscadail ar a mhéad a chur isteach.
Is féidir le gach Cuideachta Forbartha Áitiúil 3 iarratas tionscadail ar a mhéad a chur isteach.

**Dáta Críochnaithe Tionscadail Táscach:** Ní mór do gach tionscadal a bheith tugtha chun críche agus ní mór an maoiniú ar fad a bheith tarraingthe anuas faoin 30 Meitheamh 2023. D'fhéadfadh athrú a theacht ar an dáta críochnaithe sa Chomhaontú Maoinithe bunaithe ar an dáta a gceadaítear tionscadal.

## Beart 2: Deisiú/Uasghrádú ar Scála Meánmhéide agus Forbairt Conairí/Saoráidí Nua

**Suimeanna Deontais:** Suas le €200,000.

**Gníomhaíochtaí Incháilithe:** Tionscadail ar scála meánmhéide atá ag teacht le cuspóirí agus le fócas na Scéime. Áirítear orthu sin, ach gan bheith teoranta dóibh, conairí, siúlbhealaí, rotharbhealaí, glasbhealaí, gormbhealaí atá bunaithe cheana nó saoráidí caithimh aimsire eile atá bunaithe cheana ar phortaigh, ar aibhneacha, ar locha agus ar thránna. Is féidir obair chun bonneagar dá leithéid a fheabhsú, a dheisiú nó a chur chun cinn a bheith i measc na dtionscadal, chomh maith le hobair chun rochtain a fheabhsú ar bhonneagar caithimh aimsire no chun conairí, siúlbhealaí, rotharbhealaí, glasbhealaí áitiúla nó saoráidí caithimh aimsire nua eile a fhorbairt. Ba cheart go gcuirfí in iúl i dtionscadail, nuair is féidir, mar atá na tionscadail ionchuimsitheach i ndáil le daoine faoi mhíchumas agus daoine níos sine.

Ba cheart go gcuirfí in iúl i dtionscadail, nuair is cuí, ceangail le tionscnaimh, polasaithe nó pleananna straitéiseacha réigiúnacha nó náisiúnta, e.g. Bealach Bheara Breifne nó Máistirphlean na Sionainne.

**Iarratasóirí Incháilithe:** Údaráis Áitiúla.

**Uaslíon Tionscadal:** Is féidir le gach Údarás Áitiúil suas go 3 iarratas a chur ar aghaidh.

**Dáta Críochnaithe Tionscadail Táscach:** Ní mór do gach tionscadal a bheith tugtha chun críche agus ní mór an maoiniú ar fad a bheith tarraingthe anuas faoin 28 Meitheamh 2024. D’fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an dáta críochnaithe sa Chomhaontú Maoinithe bunaithe ar an dáta a gceadaítear an tionscadal.

## Beart 3: Deisiú/Uasghrádú Straitéiseach ar Scála Mór agus Forbairt Straitéiseach Conairí/Saoráidí Nua

**Suimeanna Deontais:** Suas le €500,000.

**Gníomhaíochtaí Incháilithe**: Tionscadail straitéiseacha ar scála mór atá ag teacht le cuspóirí agus le fócas na Scéime. D’fhéadfadh tionscadail ar nós bonneagar caithimh aimsire nua ar scála mór a fhorbairt nó acmhainní le forbairtí ar scála mór/forbairtí fadtéarmacha a thabhairt chun críche, chomh maith le deisiú agus cothabháil shuntasach ar chonairí, siúlbhealaí, rotharbhealaí, glasbhealaí nó gormbhealaí atá ann cheana féin nó taitneamhachtaí caithimh aimsire atá ann cheana féin ar phortaigh, ar aibhneacha, ar locha agus ar thránna a bheith san áireamh. Ba cheart go gcuirfí in iúl i dtionscadail, nuair is féidir, mar atá na tionscadail ionchuimsitheach i ndáil le daoine faoi mhíchumas agus daoine níos sine.

Ba cheart go gcuirfí in iúl i dtionscadail, nuair is cuí, ceangail le tionscnaimh, polasaithe nó pleananna straitéiseacha réigiúnacha nó náisiúnta, e.g. Bealach Bheara Breifne nó Máistirphlean na Sionainne.

**Iarratasóirí Incháilithe:** Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Stáit

**Uaslíon Tionscadal:** Beidh iarratais ó Údaráis Áitiúla agus ó Chomhlachtaí Stáit teoranta d'aon iarratas amháin faoin mBeart seo.

**Dáta Críochnaithe Tionscadail Táscach:** Ní mór do gach tionscadal a bheith tugtha chun críche agus ní mór an maoiniú ar fad a bheith tarraingthe anuas roimh an 28 Meitheamh 2024. D'fhéadfadh athrú a theacht ar an dáta críochnaithe sa Chomhaontú Maoinithe bunaithe ar an dáta a gceadaítear an tionscadal.

## Beart Forbartha Tionscadal: Costais Forbartha do Thionscadail Straitéiseacha ar Scála Mór

**Suimeanna Deontais:** Suas le €50,000.

**Gníomhaíochtaí Incháilithe**: Cuirfear maoiniú ar fáil faoin mBeart seo chun tionscadail a fhorbairt go mion trína mbeifear ábalta iad a thabhairt chuig caighdeán ag a mbeifear ábalta iarratas a dhéanamh faoi Bheart 2 nó 3 de ORIS. D'fhéadfadh miondhearadh, ullmhú do phleanáil agus/nó soláthar, measúnú cuí etc. a bheith mar chuid den obair sin.

Chun an chéim Forbartha agus deartha maidir le tionscadal a thabhairt chun críche, agus chuige sin amháin, a bheidh maoiniú a cheadófar faoin mBeart forbartha tionscadail seo, chun go mbeifear ábalta tionscadal a bheith ullmhaithe chun glacadh le hiarratais amach anseo faoi Bheart 2 nó 3 do ORIS.

Chun tionscadail a fhorbairt atá ar scála d'fhéadfaí a mhaoiniú faoi iarratas ar Bheart 2 nó ar Bheart 3 amach anseo, nó tionscadail a fhorbairt in dhá chéim faoi Bhearta dá leithéid i.e. tionscadail lena mbaineann costas seachadta níos lú ná €1 milliúin leo, an aidhm fhoriomlán a cheart a bheith leis an infheistíocht faoin mBeart seo (Tionscadail atá ag teacht le cuspóirí agus le fócas na Scéime). **Níl talamh a cheannach incháilithe faoin mBeart seo.**

Ní hionann ceadú a fháil ar iarratas faoin mBeart Forbartha Tionscadail agus dearbhú go gceadófar maoiniú chun an tionscadal a sheachadadh ina dhiaidh sin. Tá iarratas tionscadail go léir faoi réir próiseas iarratas iomaíoch faoi ghlaonna amach anseo, beag beann ar aon mhaoiniú a cuireadh ar fáil roimhe sin.

**Iarratasóirí Incháilithe:** Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Stáit.

**Uaslíon Tionscadal:** Beidh iarratais ó Údaráis Áitiúla teoranta do dhá iarratas faoin mBeart seo.

**Dáta Críochnaithe Tionscadail Táscach:** Ní mór do gach tionscadal a bheith tugtha chun críche agus ní mór an maoiniú ar fad a bheith tarraingthe anuas roimh an 30 Meitheamh 2023. D'fhéadfadh athrú a theacht ar an dáta críochnaithe sa Chomhaontú Maoinithe bunaithe ar an dáta a gceadaítear an tionscadal.

# 5. Leibhéal an Deontais

Cuirfear suas le 90% de chostas iomlán tionscadail ar fáil d'aon tionscadal faoi leith faoin Scéim. Ní mór don t-iarratasóir a éiríonn leis agus/nó don ghrúpa pobal agus/nó ranníocaíochtaí Daonchairdiúla an 10% eile a chur ar fáil i gcistíocht mheaitseála.

### Costais Deontaí

Is ionann an réamhshocrú agus go mbeidh an obair a thugtar fúithi faoi réir próiseas tairisceana iomaíoch ar leith nó go mbeidh conradh a tharraingt anuas faoi chreat-chomhaontú reatha mar chuid de. Ba cheart an próiseas soláthair a bheith ag teacht le Ceanglais Soláthair Phoiblí an AE (Treoir 2014/24 ón AE) agus treoirlínte soláthair náisiúnta atá foilsithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Sa chás go bhfuil sé i gceist ag an Deontaí an obair a dhéanamh go hinmheánach, ní mór miondealú de na costais sin a bheith leis an bhfoirm iarratais mar aon le réasúnaíocht ina leith. Sa chás go n-áirítear costais foirne, ní mór sin a bheith i gcomhréir le costais fhoriomlána an tionscadail. Ní mheasfar ach costais tuarastail i ndáil le ham a caitheadh go díreach ar an tionscadail incháilithe. Ní mheastar gur costas incháilithe iad costais taistil agus chothabhála ná liúntais. Déanfar leibhéal beartaithe na gcostas a mheas ag céim an iarratais.

Chomh maith leis sin, ní mór don Deontaí réasúntacht an chostais a dheimhniú i.e. ní mór go mbeadh fianaise ar taifead go bhfuil an costas a gearradh ag teacht le, nó níos lú ná, an costas a bheadh ar chonraitheoir seachtrach a fhostú. Déanfar sin a athbhreithniú le linn chéim scrúdaithe an tionscadail. Mura bhfuil sin ar taifead, mheasfaí gur suim neamh-incháilithe an tsuim a gearradh.

### Ranníocaíocht in Airgead Tirim

Tá 5% ranníocaíocht in airgead tirim ar a laghad de chostais fhoriomlána an tionscadail ag teastáil. Beidh ar an deontaí dearbhú a sholáthar go bhfuil an ranníocaíocht in airgead tirim déanta agus beidh orthu taifead ar fhoinse na ranníocaíochta in airgead tirim a choimeád.

### Ranníocaíocht Chomhchineáil

Is féidir Ranníocaíochtaí Comhchineáil, suas le 5% de chostas an tionscadail, a chur ar fáil i bhfoirmeacha éagsúla lena n-áirítear chun fearas agus trealamh agus/nó saothar deonach etc a chur ar fáil. Níl áirítear costais Deontaí faoin ranníocaíocht sin.

### Táillí Gairmiúla

Chun a chur in iúl go dtuigtear go gcuirtear roinnt tionscadail ar fáil i limistéir leochaileacha e.g. ó thaobh na héiceolaíochta nó na seandálaíochta de, tá an tairseach maidir le táillí gairmiúla bainte ach ní mór iad a bheith ag leibhéal réasúnach agus bheadh sonraí ina leith sin tugtha san fhoirm iarratais. Ba cheart costais foirne maidir leis an Deontaí mar atá luaite thuas agus a bhaineann le forbairt, maoirseacht tionscadail, etc. a bheith san áireamh mar chuid den áireamh.

# 6. Cineálacha Tionscadail Neamh-incháilithe

Ní thabharfar tacaíocht do tionscadail ná do ghníomhaireachtaí den chineál seo a leanas ach go háirithe faoin scéim:

- Glasbhealaí níos faide ná 20km.
- Talamh a cheannach/ a fháil ar léas.
- Táillí dlí.
- Tionscadail do limistéar aclaíochta/callaistéinice neamhspleách lasmuigh.
- Faichí spóirt, clóis shúgartha thraidisiúnta agus Limistéir Ilúsáide Cluichí (MUGAnna).
- Oibreacha laistigh de Pháirceanna Baile i mbailte agus i sráidbhailte.
- Foirgnimh a athchóiriú agus a thógáil,[2] (ach amháin i gcúinsí fíor-eisceachtúla agus teoranta maidir le tionscadail, seachas sa chás go ndéanfaí rochtain chuig acmhainní caithimh aimsire chomh maith le húsáid na hacmhainní sin a fheabhsú go mór don phobal i gcoitinne).
- Conairí siúil nó reathaíochta atá lonnaithe i spás cúng, e.g. timpeall ar pháirceanna imeartha nó clós súgartha, nó laistigh d'fhaichí spóirt.
- Conairí sráide, bealaí siúil agus rotharbhealaí marcáilte laistigh de bhailte agus sráidbhailte.
- Oibreacha cothabhála ar ghnéithe de chonairí atá mar ghnáthchuid den obair a dhéantar mar chuid de Scéim na Siúlóidí.
- Gníomhaíochtaí nach gcomhlíonann an sainmhíniú caitheamh aimsire tuaithe/lasmuigh, mar a leagtar amach thuas agus mar a shainmhínítear sa Straitéis Náisiúnta um Chaitheamh Aimsire Tuaithe[3].
- Forbairt acmhainne nó oiliúint.
- Costais leanúnacha oibríochtúla.

---

[2] Ba cheart don Údarás Áitiúil ábhartha aon tionscadal féideartha sa chatagóir seo a phlé leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail sula seoltar iarratas ar aghaidh.

[3] www.gov.ie/en/policy-information/127c4b-national-countryside-recreation-strategy/

# 7. Leagan Amach an Iarratais

Ní mór d'iarratasóirí na cáipéisí a leanas a sheoladh ar aghaidh:

- Ní mór do LAnna agus LDCanna an cháipéis “Forléargais ar an Iarratas” (MS Excel) a chur ar aghaidh. I gcás Beart 1, 2 agus an Beart Forbartha Tionscadail ba chóir do gach Údarás Áitiúil agus gach Cuideachta Forbartha Áitiúla tosaíocht tháscach de thionscadail a chur ar fáil agus réasúnaíocht ghearr a thabhairt i ndáil leis an tosaíocht sin.
- “Foirm Iarratais Tionscadail” (MS Word) a chur ar aghaidh i ndáil le gach tionscadal ar leithligh.

Éilítear ar iarratasóirí léarscáileanna agus/nó grianghraif a chur leis na hiarratais ag tabhairt suíomh na dtionscadal le fios chomh maith leis na naisc le bonneagar eile sa cheantar. Beidh an Roinn ag scrúdú iarratas chun a dhéanamh amach an bhfuil an tionscadal ag tacú le cur chuige cuimsitheach do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó an gcuireann sé le deiseanna do dhaoine faoi mhíchumas.

Moltar d’iarratasóirí na Critéir Mheasúnachta ábhartha a thabhairt ar aird agus iad ag comhlánú iarratais.

D’fhéadfadh an Roinn iarratasóirí a chur as an áireamh nach n-áiríonn na doiciméid nó na dearbhuithe ábhartha go léir ag tráth na haighneachta. Seans nach mbeidh an Roinn in ann bearta leantacha a dhéanamh maidir le doiciméadúchán a bheadh ar iarraidh nó foirmeacha iarratais neamhiomlána.

Ba chóir a thabhairt ar aird gur féidir iarratais maidir le tionscadail nár éirigh leo roimhe seo faoi ORIS a chur ar aghaidh lena mbreithniú faoi scéim 2022.

Beidh céimeanna breise i ndáil le tionscadail ar bronnadh deontais orthu roimhe seo faoi ORIS incháilithe chomh maith, chomh fada is go bhfuil dul chun cinn sásúil déanta maidir leis na céimeanna a cuireadh maoiniú ar fáil dóibh roimhe seo. I gcás go bhfuil an bonneagar, e.g. conair, ar scála suntasach a dteastódh maoiniú faoi ORIS ina leith i gcomhair 3 chéim nó níos mó, ba cheart machnamh a dhéanamh ar iarratas a dhéanamh faoi sruthanna maoinithe eile atá leagtha amach do thionscadail ar scala suntasach e.g. RRDF.

Ní mór don Stiúrthóir Seirbhísí lena mbaineann iarratais na nÚdarás Áitiúil a shíniú. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach iarratais na Cuideachta Forbartha Áitiúil a shíniú. Ní mór iarratais na gComhlachtaí Stáit a bheith sínithe ag leibhéal Stiúrthóra nó a chomhionann.

# 8. Critéir Mheasúnachta

Is trí phróiseas iomaíoch a roghnófar tionscadail faoi Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh 2022 bunaithe ar na critéir atá leagtha amach thíos. An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, i gcomhar le Fáilte Éireann nuair is cuí, a roghnóidh na tionscadail deiridh, bunaithe ar na hiarratais a chuirfidh na hÚdaráis Áitiúla ar aghaidh. Beidh Spórt Éireann páirteach freisin i measúnú a dhéanamh ar na hiarratais.

Breithneoidh an Roinn líon fachtóirí, agus iarratais á gceadú agus na tionscadail rathúla á roghnú aici, lena n-áirítear, an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san Fhorléargas ar Iarratais agus san Fhoirm Iarratas; an raon, meascán, cáilíocht agus tionchar na dtionscadal beartaithe; an maoiniú a cuireadh ar fáil roimhe seo; aon tosaíocht maidir le tionscadail atá tugtha le fios ag an iarratasóir; grúpaí éagsúla den daonra, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine níos sine a ionchuimsiú; agus breithnithe tábhachtacha eile.

Ba chóir a thabhairt ar aird go bhféadfaí líon na dtionscadal a cheadaítear do chomhlacht ar leith a laghdú sa chás go bhfuil moilleanna iomarcacha ann i ndáil le tionscadail a ceadaíodh don chomhlacht sin faoi leaganacha den Scéim roimhe seo.

Beidh an soláthar maoinithe ag brath ar nach gcuirtear tús le hoibreacha sula mbeidh an tionscadal ceadaithe ag an Roinn.

Tá treoir maidir leis na critéir a bhféadfadh an Roinn tagairt a dhéanamh dóibh le linn phróiseas measúnachta ORIS ar fáil thíos. Rachaidh leibhéal an fhreagra a mheastar a bheith riachtanach le haghaidh a thabhairt ar na critéir seo i méid ag teacht leis an méid maoinithe atá á lorg.

**Breithniúcháin Meastóireachta Bheart 1:**

| |
|---|
| • An bhfuil fianaise shoiléir ann ar rannpháirtíocht an phobail? |
| • An dtacaíonn an tionscadal go soiléir le caitheamh aimsire lasmuigh? |
| • An bhfuil gné chomhoibríoch ag baint leis an tionscadal? |
| • An dtugann an tionscadal atá beartaithe aghaidh ar riachtanas aitheanta? |
| • An bhfuil amlínte agus costais leagtha amach go soiléir san iarratas agus an bhfuil sé indéanta go réalaíoch? |
| • An bhfuil costais shoiléire agus réasúnacha ann don tionscadal? |
| • An bhfuil na ceadúnais agus scagthaí riachtanacha go léir atá de dhíth i bhfeidhm? |
| • An dtacaíonn an tionscadal le cur chuige uilechuimsitheachta do dhaoine atá faoi mhíchumas nó an bhfeabhsaíonn sé deiseanna do dhaoine faoi mhíchumas? |

**Breithniúcháin Meastóireachta Bheart 2 & 3**

| | |
|---|---|
| **Nádúr straitéiseach agus comhoibríoch an tionscadail** | • An cuid é seo de phlean soiléir?<br>• An raibh baint ag an bpobal le forbairt an tionscadail?<br>• An bhfuil gné chomhoibríoch ag baint leis an iarratas?<br>• An bhfuil fianaise ann go gciallóidh maoiniú a dhéanamh ar an tionscadal seo go mbeidh tionchar aige ag leibhéal réigiúnach nó ag leibhéal náisiúnta?<br>• An bhfuil an tionscadal i gcomhréir le straitéisí náisiúnta? |
| **Léiriú ar riachtanas agus ar thionchar féideartha an** | • An leagann an t-iarratas riachtanas soiléir amach ó thaobh tionscadail den chineál seo?<br>• An léiríonn an t-iarratas, nó an ndéantar breithniú ann, ar aon luach ar airgead breise a thagann chun cinn as an tionscadal seo a |

| | |
|---|---|
| **tionscadail** | thabhairt chun críche? |

| | |
|---|---|
| **Luach an tionscadail don cheantar áitiúil** | • An dtacaíonn an tionscadal go soiléir le háineas lasmuigh agus an bhfuil sé i gcomhréir le hachoimre na scéime?<br>• An mbeidh tionchair nó tairbhí sláinte shoiléire mar thoradh ar an tionscadal ar phobail áitiúla?<br>• An bhfuil torthaí atá soiléir ó thaobh an gheilleagair nó na turasóireachta mar thoradh ar an tionscadal?<br>• An gcuireann an togra le luach an bhonneagair reatha nó an dtéann sé i ngleic le heasnaimh reatha?<br>• An léiríonn torthaí an tionscadail tionchar inbhuanaithe agus dearfach ar an gceantar áitiúil?<br>• An bhfuil gné bhitheolaíochta mar chuid den tionscadal seo?<br>• An dtacaíonn an tionscadal le cur chuige uilechuimsitheachta do dhaoine atá faoi mhíchumas nó an bhfeabhsaíonn sé deiseanna? |
| **Gné réalaíoch, Luach ar Airgead an togra**<br><br>**Caighdeán an iarratais** | • An bhfuil fianaise ann go bhfuil na ceadúnais, scagadh agus faomhadh atá de dhíth i bhfeidhm nó gur dócha go mbronnfar iad?<br>• An bhfuil amlínte an tionscadail leagtha amach go soiléir san iarratas?<br>• An bhfuil na costais do gach gné den tionscadal soiléir agus réasúnach?<br>• An bhfuil an tionscadal leagtha amach go soiléir ar an bhfoirm iarratais?<br>• An bhfuil an réasúnacht don tionscadal leagtha amach go soiléir agus sa mhéid is go dtugtar údar maith i leith an ghnímh? |

### Breithniúcháin Meastacháin maidir le Beart Forbartha Tionscadail

| |
|---|
| • An dtacaíonn an tionscadal go soiléir le caitheamh aimsire lasmuigh? |
| • An bhfuil gné chomhoibríoch ag baint leis an tionscadal? |
| • An dtugann an tionscadal atá beartaithe aghaidh ar riachtanas aitheanta? |
| • An mbeadh an tionscadal deiridh atá beartaithe incháilithe faoi Bheart 2 nó faoi Bheart 3? |

# 9. Coinníollacha Maoinithe do Scéimeanna Tuaithe arna Maoiniú faoin Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Beidh gach caiteachas a chláraítear trí Scéimeanna Tuaithe na Roinn i.e. An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR, an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS) faoi réir théarmaí an Chóid Chaiteachais Phoiblí atá le fáil ag http://publicspendingcode.per.gov.ie/.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na riachtanais arna leagan amach thíos maidir leis an maoiniú go léir a cheadófar trí bhíthin na scéimeanna sin. Léireofar an gá atá le cloí leis na riachtanais go léir sa chomhaontú conartha idir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an deontaí ar ceadaíodh maoiniú ina leith faoin scéim.

1. Beifear ag súil go dtosófar agus go gcríochnófar tionscadail i gcomhréir leis na hamlínte arna leagan amach san Achoimre ábhartha ar an Scéim.
2. Féadfaidh an Roinn maoiniú a bhí leithdháilte ar thionscadail faoin Scéim a tharraingt siar sa chás nach mbeidh an tionscadal tugtha chun críche laistigh den tréimhse ama a bhí sonraithe, agus sa chás nach ndearnadh comhaontú sainráite leis an Roinn roimh ré síneadh ama a chur leis an socrú maoinithe.
3. Is ó bhuiséad caipitil na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail a sholáthrófar an maoiniú deontais don tionscadal ceadaithe. Is ceart costais riaracháin agus/nó gairmiúla a bhaineann leis an tionscadal beartaithe, nuair a cheadófar dóibh san Achoimre ar an Scéim, a choinneáil chomh híseal agus is féidir.
4. Sa chás go gceadófar é san Achoimre ábhartha ar an Scéim, féadfar ranníocaíochtaí comhchineáil, suas go dtí an méid uasta arna leagan amach san Achoimre ábhartha ar an Scéim, a sholáthar i bhfoirm saothar deonach (i.e. obair nach n-íoctar as) nach mór a bhunú ar an am deimhnithe a caitheadh ar an tionscadal.
    a. An ráta is ceart a chur i bhfeidhm, an luach saothair a bheadh ar obair chomhionann, suas go ráta uasta de €14 san uair. Ní mór don deontaí a chinntiú go mbeidh údar ceart ag an ráta san uair a chuirfear i bhfeidhm don obair a dhéanfar.
    b. Sa chás go mbeidh Saothar Deonach mar chuid de thionscadal, cuirtear in iúl don deontaí go mbeidh feidhm le riachtanais na reachtaíochta go léir maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.
    c. Níl riarachán don tionscadal, e.g. freastal ar chruinnithe, foirm iarratais an deontais a ullmhú, tarraingt anuas maoinithe a éileamh ná costais bhainistíochta incháilithe mar shaothar deonach.
    d. Níl saothar arna chur ar fáil ag rannpháirtí ar scéim RSS/TUS/scéim eile arna maoiniú ag an státchiste incháilithe le húsáid mar ranníocaíocht chomhchineáil.
    e. Ní mór saothar deonach a thabhairt chun críche sula ndéantar an t-éileamh deiridh ar tharraingt anuas chuig an Roinn. Féadfar é a chur san áireamh in íocaíochtaí céimnithe, ar an gcoinníoll go mbeidh an obair i gceist tugtha chun críche an tráth a gcuirtear an t-éileamh ar aghaidh.
    f. Ní mór mionsonraí faoin saothar deonach go léir arna éileamh a choimeád ar bhileog ama (1 bileog ama in aghaidh an duine). Cuirfidh an Roinn an bhileog ama ar fáil. Déanfar taifead ar an mbileog ama ar na mionsonraí seo a leanas;
        - Ainm an duine a dhéanann an obair
        - Cineál, am agus dátaí na n-oibreacha, méid na n-uaireanta a oibríodh agus an ráta san uair,
        - Síniú an duine a rinne an obair chomhchineáil,
        - Ní mór don chomhordaitheoir arna cheapadh don tionscadal an bhileog ama a shíniú.
5. Ní mór ranníocaíocht in airgead tirim a dhéanamh, mar a leagtar amach san Achoimre ábhartha ar an Scéim. Beidh ar an deontaí dearbhú a sholáthar go bhfuil an ranníocaíocht in airgead tirim déanta agus beidh orthu taifead ar fhoinse na ranníocaíochta in airgead tirim a choimeád.
6. Ní mór go mbeidh tionscadail tugtha chun críche go hiomlán chun méid iomlán an deontais

a tharraingt anuas. Sa chás go bhfaightear amach nach bhfuil tionscadal tugtha chun críche, féadfaidh an Roinn iarraidh ar an deontaí aon mhaoiniú a fuarthas don tionscadal a aisíoc. Ní mór aon athruithe ar an tionscadal atá beartaithe a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú sula ndéantar aon athrú a chur i bhfeidhm

7. Sa chás nach gcuirtear gné den tionscadal ceadaithe i gcrích de réir iarratais an tionscadail, is féidir an maoiniú deontais a laghdú mar léiriú ar an tionscadal leasaithe.
8. Sa chás go mbaineann infheistíocht mhór chaipitil leis an obair ar fhoirgnimh nó ar thailte nach leis an deontaí iad (gan conairí san áireamh), ní mór léas 15 bliana ar a laghad a bheith i bhfeidhm ón dáta a mbeidh an tionscadal tugtha chun críche.
9. I gcás mhaoiniú arna leithdháileadh d'fhiontair nó do shaoráidí (i.e. ionad pobail, moil, feithiclí faoi CLÁR, etc.), is riachtanas é go gcaithfidh siad oibriú mar a maoiníodh iad ar feadh 5 bliana ar a laghad i ndiaidh don chéim dheireanach den mhaoiniú a bheithe eisithe, nó seans go mbeidh orthu maoiniú a aisíoc. Sa chás nach n-oibreoidh siad mar a maoiníodh iad, caithfidh siad é sin a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn roimh ré.
10. Ní mór cloí leis na rialacha agus na rialacháin iomchuí go léir maidir le hairgeadas, Soláthar Poiblí agus cuntasaíocht, agus tabharfaidh gach deontaí cuntas iomlán, tráthúil ar an maoiniú a gheofar.
11. Ba chóir doiciméadú iomlán agus cruinn a choinneáil mar thaca leis an gcaiteachas agus teacht a bheith ag oifigigh na Roinne air am ar bith chun críche iniúchta agus sin a choinneáil go ceann tréimhse sé bliana ón dáta a thiocfaidh an tionscadal chun críche.
12. Tabharfaidh faighteoirí aitheantas don tacaíocht atá faighte ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe / ó Thodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, ó Thionscadal Éireann 2040/ ó Rialtas na hÉireann (maidir le tionscadail a maoinítear faoi ORIS) agus d'aon fhoinsí maoinithe infheidhme eile (mar a shainaithnítear iad sa Chomhaontú Maoinithe ábhartha) i ngach fógra poiblí, fógraíocht agus comharthaíocht, de réir mar is cuí, a bhaineann leis an tionscadal. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an Roinn an tionscadal a úsáid i gcur chun cinn níos leithne a cuid beartas.
13. Cuirfidh deontaithe pé tuarascálacha agus faisnéis a bhaineann leis an tionscadal agus a fhéadfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a iarraidh go réasúnta ó am go ham, ar fáil.
14. Is ceart faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar thionchar an tionscadail. Beifear ag súil go mbaileoidh deontaithe sonraí iomchuí chun an fhoghlaim sin a éascú ar bhonn leanúnach. Is ceart tuairisc ghearr (12 leathanach) ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail arna mhaoiniú a chur i gcrích agus a chur ar fáil don Roinn má iarrtar a leithéide.
15. Cuirfidh gach deontaí pointe/pointí teagmhála ar fáil don Roinn chun íocaíocht agus iarrataí ar fhaisnéis a éascú. Is ceart aon athruithe ar na daoine teagmhála a chur in iúl don Roinn go tráthúil.
16. Beidh seicliosta lena ndearbhófar gur comhlíonadh na coinníollacha maoinithe a bhaineann leis an gcúnamh deontais de dhíth ar an tionscadal a thabhairt chun críche.


**I gcás neamhchomhlíonadh leis na coinníollacha a dtugtar achoimre orthu nó le coinníollacha breise ar bith arna gcomhaontú i rith idirbheartaíocht conartha, d'fhéadfaí pionós a ghearradh nó go gcaithfí an cúnamh deontais go léir a bronnadh, nó cuid de, a aisíoc.**

**Beidh tuilleadh coinníollacha mar chuid den Chomhaontú Maoinithe a bheidh le comhaontú i ndáil le gach tionscadal a n-éireoidh leis.**

**Coinníollacha Sonracha ORIS:**

- Ba chóir cúram ar leith a ghlacadh le hobair atá beartaithe a dhéanamh i limistéir ainmnithe, ar nós Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC), Limistéir Caomhantais Speisialta (SPA), agus mar sin de. Ní mór aon scagadh le haghaidh measúnachtaí cuí agus/nó measúnachtaí éiceolaíochta eile
/approvals/planning permissions etc. a bheadh ag teastáil i bhfeidhm sula dtosaítear ar aon obair.

- Ba chóir d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil na ceadanna go léir ó na húinéirí talún go léir is gá ar fáil (Príobháideach agus Poiblí) do na hoibreacha beartaithe agus go mbeidh na hoibreacha, nuair is cuí ag comhlíonadh caighdeáin ábhartha eile Conairí Spórt Éireann, Bonneagar Iompair Éireann (TII) nó comhlachtaí eile lena mbaineann.
- I gcomhthéacs obair dheisiúcháin ar chonairí, ní mór don iarratasóir sleachta as tuarascálacha Iniúchta Conairí Spórt Éireann a dheimhníonn go bhfuil an obair dheisiúcháin de dhíth a chur ar fáil. Mura bhfuil tuarascáil Conairí Spórt Éireann le déanaí ar fáil d'fhéadfadh gur leor fianaise ghrianghrafadóireachta den áit a bhfuil an obair dheisiúcháin de dhíth.


Outdoor
Recreation
Infrastructure
Scheme